# Séamus Ó Beaglaoich

*Nuacht TG4 (Leibhéal **B**1)*

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gceoltóir mór le rá, Séamus Ó Beaglaoich, a fuair bás. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na nithe ar an liosta thíos. Déanaigí plé ar an méid atá ar eolas agaibh faoi gach rud, faoi gach duine agus faoi gach áit ar an liosta.

- ☐ Séamus Ó Beaglaoich
- ☐ Corca Dhuibhne
- ☐ Boscadóirí
- ☐ Micheál D. Ó hUigínn
- ☐ Steve Cooney
- ☐ TG4
- ☐ Ceol traidisiúnta
- ☐ Feirmeoireacht
- ☐ An Astráil



Roghnaigh topaic amháin ón liosta agus cuir an méid atá ar eolas agat faoin topaic sin i láthair an ranga.



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| guth binn | artfully, expertly |
| go smior | his terrific ability |
| pearsana | mute |
| a chumas diamhair | to the core |
| cleamhnas | accompanying him |
| go paiteanta | missing |
| á thionlacan | sweet voice |
| fréamhaithe | rooted |
| balbh | match |
| ar lár | characters |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Ba dhuine de ________________ móra na Gaeltacha é Séamus Ó Beaglaoich, a raibh bua an cheoil ________________ ann. (Bí cúramach! Leanann séimhiú 'de' de ghnáth.)
- Tá muintir Chorca Dhuibhne go mór faoi bhrón agus Rí Pharóiste Múrach ____________.
- Tá an ceol ciúnaithe agus an béal binn _____________ anois tar éis a bháis.
- Bhí sé aitheanta as ________________ ar an mbosca ceoil.
- Bhí an ________________ ceolmhar a bhí aige le Steve Clooney réabhlóideach ó thaobh stíle de, mar mheasc siad an sean agus an nua _______________.
- Ina dhiaidh sin, bhí leithéidí Jim Murray agus Tim Edey ___________________.
- Bhí croí agus spiorad an fhir ________________ sa talamh, sa teanga agus sa tinteán.
- Bhí _________________ agus guth meala ag Séamus Ó Beaglaoich.

3. Seo thíos na focail a úsáideadh sa mhír chun cur síos a dhéanamh ar Shéamus Ó Beaglaoich. An dtuigeann tú iad? Féach ar www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte.

*tíriúil, cuileachtúil, deisbhéalach, seoigh, féith na rógaireachta*

## C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus líonaigí isteach na sonraí pearsanta, a fhoghlaimíonn sibh ón mír, ar an CV thíos.

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Sloinne | |
| Dáta breithe (bliain) | |
| Áit Chónaithe | |
| Stádas Pósta | |
| Clann | |
| Teaghlach | |
| Gairm bheatha | |
| Scileanna agus buanna | |
| Pearsantacht | |
| Saothair | |



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (gairmeacha)

a) Féach ar na gairmeacha beatha ar fad a bhí ag Séamus Ó Beaglaoich agus a luadh sa mhír:

an ceoltóir
an t-amhránaí
an boscadóir
an feirmeoir

An ainmfhocail fhirinscneacha nó bhaininscneacha iad na gairmeacha beatha de ghnáth?

b) Féach ar na gairmeacha beatha eile sa tábla thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Roghnaígí an deireadh cuí ón gciorcal le cur leis na gairmeacha, cuirigí an t-alt leo agus scríobh amach na hiolraí. Tá sampla ann chun cuidiú libh.

-aí, -úir, -óir, -eoir, éir

| | | |
|---|---|---|
| feirmeoir | an feirmeoir | na feirmeoirí |
| docht____ | | |
| búist____ | | |
| tiomán____ | | |
| cuntas____ | | |
| freastal____ | | |

## 2: Cruinneas gramadaí (saibhreas teanga)

Conas a dúirt Máire T. Ní Mhadaoin: ‘*Beaglaoich was one of the most able accordion players’*?

Conas a déarfá féin: ‘*one of my favourite songs*’ as Gaeilge?

# E: CUMARSÁID

## 1: Scríobh

Scríobh cúig abairt faoin gceoltóir nó faoin aisteoir is fearr leat. Bain úsáid as na struchtúir thíos.



1. Rugadh agus tógadh ____________________ é/í.
   (i nDún na nGall, in Chicago…)
2. Duine de _____________ clainne, a bhí ann/inti.
   (beirt, naonúr…) (*Ná déan dearmad go leanann séimhiú* ***de****!*)
3. Tá/Bhí sé/sí ar dhuine de mhórcheoltóirí _______________ a linne.
   (traidisiúnta, rac-cheoil, ceol tuaithe…)
4. Thosaigh sé/sí ag seinm ceoil/ag aisteoireacht agus é/í ____________ d'aois.
   (ceithre bliana, fiche bliain…)
5. Duine _____, ______, _____ atá /a bhí ann/inti.
   (deisbhéalach, tíriúil…)

## 2: Caint

Anois, bígí ag obair i ngrúpaí agus cuirigí na ceisteanna thíos ar a chéile faoi na ceoltóirí/aisteoirí is fearr libh:



1. Cad is ainm dó/di?
2. Cárb as dó/di?
3. Cé mhéad duine atá / a bhí sa chlann?
4. Cén fáth a bhfuil sé/sí cáiliúil?
5. Cén uair a thosaigh sé/sí ag ....
6. Cén sórt duine é/í?

# AN SCRIPT

**Máire T. Ní Mhadaoin**
Bail ó Dhia oraibh. Tá pobal Chorca Dhuibhne agus domhan an cheoil fágtha gan phort gan pholca, ó scaip an scéala aréir go raibh an ceoltóir agus an t-amhránaí aitheanta, Séamus Ó Beaglaoich éalaithe leis ó Pharóiste Múrach. Bhí an Beaglaoich ar dhuine de na boscadóirí ba chumasaí agus ar dhuine de na hamhránaithe ba bhinne sa tír. Tá a chomhbhrón curtha in iúl ag an Uachtarán Michael D. Higgins.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Guth binn Shéamuis Uí Bheaglaoich, guth meala a bhí aitheanta ar fud na tíre agus ar fud an domhain mhóir. Boscadóir, amhránaí agus feirmeoir, rugadh agus tógadh Séamus Ó Beaglaoich i mBaile na bPoc, i gCorca Dhuibhne. Duine de naonúr clainne, a raibh bua an cheoil go smior iontu go léir. Thosaigh Séamus ag seinm ceoil i Halla na Muirí agus é ceithre bliana déag d’aois. Bhí sé ar dhuine de phearsana móra na Gaeltachta agus ar dhuine de mhórcheoltóirí traidisiúnta a linne. Bhí dúchas an cheoil agus na teanga go smior ann.

As a chumas diamhair ar an mbosca ceoil is mó a thuill sé aitheantas. Caoga bliain ó shín in 1973, ba lena dheirfiúr, Máire, a chuir Seamus amach a chéad albam, *An Ciarraíoch Mallaithe*. Ní fada gur bhain fear Pharóiste Múrach gradaim amach mar cheoltóir, ní hamháin anseo in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir.

As an gcleamhnas ceolmhar a dhein[1] sé leis an Astrálach, Steve Cooney, tháinig an t-albam ar leith, *Meitheal*, in 1992. Cnuasach ceoil a bhí réabhlóideach ó thaobh stíle, a shnigh an sean leis an nua go paiteanta.

Ina dhiaidh sin bhí leithéidí Jim Murray agus Tim Edey á thionlacan. In 2013, bronnadh gradam ‘Amhránaí na Bliana’ air ag Gradaim Cheoil TG4.

Cé gur thug a chuid ceoil ar fud an domhain é, d’fhán a chroí agus a spiorad ag an mbaile, i mBaile na bPoc, agus iad fréamhaithe go daingean sa talamh, sa teanga agus sa tinteán.

**Séamus Ó Beaglaoich**
Cá mbeimis gan an ceol? Cad a bheimis a dhéanamh? Ní fhéadfainn é a shamhlú.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Fear tíriúil, cuileachtúil[2], deisbhéalach, seoigh, go raibh féith na rógaireachta go láidir ann, imithe uainn.

Tá an ceol ciúnaithe, tá an béal binn balbh, tá Rí Pharóiste Múrach ar lár. Maireann a bhean chéile, Mary, a gclann – Breandán, Eoin, Niall agus Méabh. Beannacht Dé Dílis lena anam.

[1] dhein = leagan canúnach de ‘rinne’
[2] cuileachtúil = leagan canúnach de ‘cuideachtúil’

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoi na rudaí ar an liosta. Cleachtadh cumarsáide é seo agus ní gá go mbeadh a lán eolais acu faoi gach rud. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach beirt ag cur agus ag cúiteamh le chéile agus ag malartú eolais. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht agus ag cuidiú leo. Má tá go leor ama agat, is féidir iarraidh ar fhoghlaimeoirí éagsúla an t-eolas atá acu ar thopaic amháin a roinnt leis an rang.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| guth binn | sweet voice |
| go smior | to the core |
| pearsana | characters |
| a chumas diamhair | his terrific ability |
| cleamhnas | Match |
| go paiteanta | artfully, expertly |
| á thionlacan | accompanying him |
| fréamhaithe | Rooted |
| balbh | Mute |
| ar lár | Missing |

2. Féach:

- Ba dhuine de **phearsana** móra na Gaeltacha é Séamus Ó Beaglaoich, a raibh bua an cheoil **go smior** ann.
- Tá muintir Chorca Dhuibhne go mór faoi bhrón agus Rí Pharóiste Múrach **ar lár**.
- Tá an ceol ciúnaithe agus an béal binn **balbh** anois tar éis a bháis.
- Bhí sé aitheanta as **a chumas diamhair** ar an mbosca ceoil.
- Bhí an **cleamhnas** ceolmhar a bhí aige le Steve Clooney réabhlóideach ó thaobh stíle de, mar mheasc siad an sean agus an nua **go paiteanta**.
- Ina dhiaidh sin, bhí leithéidí Jim Murray agus Tim Edey **á thionlacan**.
- Bhí croí agus spiorad an fhir **fréamhaithe** sa talamh, sa teanga agus sa tinteán.
- Bhí **guth binn** agus guth meala ag Séamus Ó Beaglaoich.

3. Féach:
   tíriúil – homely; pleasant, sociable.
   cuileachtúil – (cuileachtúil = CUIDEACHTÚIL.)* companionable, sociable.
   *cuileachtúil = leagan canúnach de ‘cuideachtúil’.
   deisbhéalach – well-spoken, witty.
   seoigh – wonderful.
   féith (streak) – na rógaireachta – roguery.

### C: TUISCINT

Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (gairmeacha)

a) Bíonn na gairmeacha beatha firinscneach de ghnáth.

b) Féach:

| | | |
|---|---|---|
| feirmeoir | an feirmeoir | na feirmeoirí |
| docht____ | an dochtúir | na dochtúirí |
| búist____ | an búistéir | na búistéirí |
| tiomán____ | an tiománaí | na tiománaithe |
| cuntas____ | an cuntasóir | na cuntasóirí |
| freastal____ | an freastalaí | na freastalaithe |

### 2: Cruinneas gramadaí (saibhreas)

'Bhí an Beaglaoich ar **dhuine** de na boscadóirí ba chumasaí.'
(one of 'people')
'**Ceann** de m'amhráin is fearr.'
(one of 'things')

## E: CUMARSÁID

### 1: Scríobh

Léigh trí na treoracha agus na habairtí samplacha leis an rang ar dtús le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall dóibh machnamh a dhéanamh ar cheoltóir nó ar aisteoir a bhfuil dúil acu ann. Abair leo ansin na bearnaí sna habairtí a líonadh le heolas atá fíor faoin duine mór le rá a roghnaigh siad.

### 2: Caint

Abair leo ansin na ceisteanna a chur ar na daoine eile sa ghrúpa. Ba cheart go mbeadh a gcuid freagraí bunaithe ar an méid a scríobh siad faoi Scríobh. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4